C/2024/5289

28.8.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11655 – WENDEL / PEP / GLOBEDUCATE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5289)

1. An 21 Lúnasa 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Expansion 17 S.C.A., F. I. A. R. and Global Performance 17 S.C.A., F. I. A. R. (Lucsamburg), faoi rialú Wendel SE, (an Fhrainc)

— PUK VII S.à r.l. (Lucsamburg), faoi rialú Providence Equity Partners, (Stáit Aontaithe Mheiriceá)

— PN VII Topco S.à r.l. (Globeducate) (Lucsamburg), faoi rialú Providence Equity Partners, (Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Wendel SE agus Providence Equity Partners rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar PN VII Topco S.à r.l. (Globeducate) ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta é Wendel SE agus tá cuideachtaí punainne aige atá gníomhach in earnálacha éagsúla. I measc na gcuideachtaí sin tá IK Partners, a bhfuil dhá chuideachta punainne aige, Domia Group (Acadomia) agus Skill & You (S&Y), atá gníomhach san oideachas sa Fhrainc agus sa Spáinn faoi seach.

— Is bainisteoir sócmhainní domhanda agus sainghnólacht infheistíochta cothromais phríobháidigh é Providence Equity Partners a dhíríonn ar infheistíochtaí sna meáin, sa chumarsáid, san oideachas agus sa teicneolaíocht, ar fud Mheiriceá Thuaidh agus na hEorpa.

— Soláthraíonn PN VII Topco S.à r.l. (Globeducate) seirbhísí oideachais K-12 (oideachas ón naíonra go dtí grád 12) agus oibríonn sé scoileanna dátheangacha agus idirnáisiúnta in Andóra, i gCeanada, sa Chipir, sa Fhrainc, san India, san Iodáil, san Ísiltír, i Maracó, sa Phortaingéil, sa Spáinn agus sa Ríocht Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11655 – WENDEL / PEP / GLOBEDUCATE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË